# Oíche Shamhna



Níor thug an múinteoir aon **obair bhaile** do na páistí Oíche Shamhna. Bhí an-spórt ag an gclann an oíche sin. Cheannaigh Mamaí **bairín breac** don tae. Ghearr sí le scian é agus thug sí píosa do na páistí. Fuair Úna an fáinne agus bhí gach éinne **ag magadh fúithi.** Tar éis an tae **chroch** Daidí úll **ón tsíleáil.** Bhí na páistí **ag iarraidh** breith air lena mbéal. Ach theip orthu mar bhí an t-úll **ag luascadh** ó thaobh go taobh. Bhí **cluiche na bhfochupán** acu ansin. Bhí uisce i bhfochupán amháin, cré i gceann eile agus fáinne sa tríú ceann. Chuir Mamaí **púicín** ar Thomás ansin. Fuair sé an fochupán a raibh an t-uisce ann. Chuir Daidí airgead i mbáisín uisce. **Chrom** Úna síos chun breith air ach léim Vulcan isteach sa bháisín. **D'iompaigh sé** an báisín **bunoscionn.** Bhí deireadh leis na cluichí ansin. D'ith na páistí **cnónna,** úlla agus milseáin an oíche sin.

**Foclóir:**
**ag magadh,** joking
**chroch,** hung
**ag luascadh,** swinging

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cad a cheannaigh Mamaí don tae?
   — buidéil oráiste.
   — bairín breac.
   — bosca brioscaí.
2. Cad a rinne Daidí leis an úll?
   — D'ith sé é.
   — Thug sé don mhadra é.
   — Chroch sé ón tsíleáil é.
3. Céard a chuir Daidí i mbáisín uisce?
   — úlla.
   — milseáin.
   — airgead.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Níor thug an múinteoir — — — do na páistí Oíche Shamhna.
2. Fuair Úna an — agus bhí gach éinne ag — fúithi.
3. Bhí na páistí ag iarraidh breith air — — .
4. Bhí — i bhfochupán amháin, — i gceann eile agus — sa tríú ceann.
5. D'iompaigh sé an báisín — .

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
púicín, d'iompaigh sé, obair bhaile, chroch sé, ag iarraidh, ag luascadh.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén fáth nár thug an múinteoir aon obair bhaile do na páistí?
2. Cad a rinne Mamaí leis an mbairín breac?
3. Cén fáth ar theip ar na páistí breith ar an úll?
4. Cad chuige ar chuir Mamaí púicín ar Thomás?
5. Cé a léim isteach sa bháisín?
6. Conas a chroch Daidí an t-úll ón tsíleáil?
7. Céard a bhí le n-ithe ag na páistí?

**Gramadach 8**

1. (i) Bhí gach éinne ag magadh **fúithi.**
   (mise, tusa, eisean, sinne, sibhse, iadsan.)
   (ii) Theip **orthu.**
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse.)
2. Tar éis **an tae.**
   (an dinnéar, an bricfeasta, an lón, an béile.)